



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2009

Tá *Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2009* á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn an bhliainiris pictiúr cuimsitheach d'Éire an lae inniu. Soláthraíonn sí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan ábhar. San áireamh anseo, tá daonra, lucht saothair, oideachas, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, seirbhísí, praghsanna, tithíocht, geilleagar feasachta agus an timpeallacht.

Daoine

- Cláraíodh 75,065 breith sa bhliain 2008 – 38,593 fireannaigh agus 36,472 bainearnaigh. Ba é seo an líon is mó breitheanna a cláraíodh ón mbliain 1896 nuair a cláraíodh 75,332 breith sa 26 contae.
- B'iad Jack agus Ava na hainmneacha is coitianta do leanaí i 2008.

Obair

- B'ionann fostaíocht sa tionscal tógála i 2008 agus os cionn 11% den fhostaíocht iomlán. Tá sé seo íslithe ó 13% i 2007.
- In Aibreán 2008 bhí tréimhse chláráithe leanúnaí de 3 bliana agus os cionn ag 10.7% den líon daoine ar an mBeochlár.
- Mhéadaigh an meánlíon bliantúil ar an mBeochlár ó 162,000 i 2007 go 227,000 i 2008.

Coinníollacha Sláinte agus Sóisialta

- Tá caiteachas an leasa shóisialaigh tar éis méadú ó 8.7% den Ollioncam Náisiúnta i 1998 go 11.4% i 2008.
- Mhéadaigh líon na bhfaighteoirí d'íocaíochtaí Breoiteachta, Míchumais agus Cúraim faoi 47.6% idir 2001 agus 2008, leis an líon daoine ag fáil Tacaíochtaí Lucht Cuardaigh Fostaíochta méadaigh faoi bhreis agus 86% sa tréimhse chéanna.

Oideachas

- I 2008 bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 29% de dhaoine d'aois 15 go 64.
- I 2008 bhí 30,368 múinteoir bunscoile sa Stát, ba mhná iad 84% díobh siúd.

Coireacht

- Mhéadaigh coireanna drugaí faoi bhreis agus ceathrú idir 2007 agus 2008.
- I 2008, bhí formhór na bpríosúnach faoi bhun 30 bliain d'aois.
- Bhí 14.6% de theaghlach i gceantair uirbeacha mar íospartaigh ma coireachta i gcomparáid le 6.3% de theaghlach i gceantair thuaithe.

Eile/...

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Website www.cso.ie
LoCall 1890 313 414 Email information@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555
01 498 4000 Suíomh Gréasáin www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost information@cso.ie

Geilleagar agus Airgeadas

- Rinneadh taifeadadh ar easnamh €9.4 billiún sa chuntas reatha d'iarmhéid na n-íocaíochtaí i 2008. An meán-easnamh a bhí ann le trí bliana anuas ná €8.6 billiún.
- Laghdaigh iasachtú na n-institiúidí creidmheasa chuid an earnáil phearsanta (teaghlaigh phríobháideacha) ó €148bn i 2007 go €138bn i 2008, an chéad laghdú dá leithéid.
- Tá an Fiachas Náisiúnta mar chéatadán den OTI tar éis titim ó 87.7% i 1990 go 27.7% i 2008.

Trádáil Seachtraigh

- B'iad ceimiceáin díreach os cionn leath d'onnmhairí na hÉireann i 2008. Tiomáineadh é seo le méadú suntasach in onnmhairiú táirgí leighis & cógaisíochta, a d'ardaigh ó €5.3bn i 2000 go €16.7bn i 2008.
- D'ardaigh allmhairí beagán idir 2000 agus 2008, ó €55.9bn go €57.0bn. Tá ardú tagtha ar allmhairí ón tSín, le laghdú tagtha ar allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón tSeapáin.

Turasóireacht agus Iompar

- Rinne lucht cónaithe na hÉireann 7,877,000 turas thar lear i 2008, ardú beag ó 2007. Mhéadaigh an caiteachas iomlán faoi 12.2% go €6,912m ó 2007.
- Bhí líon na ngluaisteán nua ceadúnaithe don chéad uair i 2008 19% níos ísle ná 2007.
- An líon is airde gluaisteán nua príobháideacha ceadúnaithe don chéad uair i 2008, aicmithe de réir déantúis, ba ea Toyota (20,474), le Ford (18,403) agus Volkswagen (15,700) ina dhiaidh.

Tithíocht

- Laghdaigh an líon tithe nua ar bronnadh cead pleanála dóibh faoi 26% ó 1999 go 2008. Mhéadaigh an líon árasán nua ar bronnadh cead pleanála orthu faoi 54.5% sa tréimhse chéanna.
- Ba í an earnáil Tithíochta, Leictreachais, Gáis agus Breoslaí Eile a bhrath an ráta is airde d'ardú praghais i 2008 ag 9.6%.
- Idir 2001 agus 2008, tháinig méadú os cionn 73% ar chaiteachas caipitiúil poiblí ar thithíocht.

Geilleagar Feasachta

- Nascadh ríomhaire leis an idirlíon i 62% de theaghlaigh na hÉireann sa chéad ráithe de 2008.
- Bhí suíomh gréasáin nó leathanach baile ag beagnach dhá thrian de na gnólachtaí le 10 bhfostaí nó níos mó acu i 2008.

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chuidigh leis na sonraí a bhailiú don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann atá tar éis ábhar a sholáthar don Aguisín.

Tá téacs iomlán na Bliainirise Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

http://www.cso.ie/releasespublications/statistical_yearbook_ireland_2009.htm

Is féidir an Bhliainiris a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Rannóg Faisnéise, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

nó trí aon díoltóir leabhar.

Le haghaidh breis eolais, téigh i dteagmháil le: Eamonn Dorney 021 - 4535036. Facs 021 4535555. r-phost: information@cso.ie.